C/2024/7050

20.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11701 – SANTANDER / PEMBERTON / EMERALD JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7050)

1. An 12 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Banco Santander S.A. ('Banco Santander', an Spáinn),

— Pemberton Asset Management Holdings Limited ('Pemberton', Geirsí),

— Emerald TradeCo UK Limited ('an comhfhiontar', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Banco Santander agus Pemberton rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is institiúid airgeadais é Banco Santander a bhfuil gníomhaíochtaí aige atá roinnte ina gcúig ghnólacht dhomhanda: Baincéireacht díola agus thráchtála, banc digiteach tomhaltóra, baincéireacht chorparáideach agus infheistíochta, bainistiú saibhris & árachas, agus íocaíochtaí. Tá sé gníomhach san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, i Meiriceá Laidineach agus san Áise,

— Is bainisteoir creidmheasa mhalartaigh phríobháidigh é Pemberton a sholáthraíonn seirbhísí bainistithe sócmhainní d'infheisteoirí institiúideacha. Díríonn oibríochtaí Pemberton ar fhiachas príobháideach agus ar iasachtú díreach do chuideachtaí meánmhargaidh Eorpacha.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar:

— cuirfidh an comhfhiontar réitigh slabhra soláthair ar fáil do chorparáidí móra agus meánmhéide. Beidh sé gníomhach i roinnt tíortha san Eoraip, i Meiriceá agus san Áise.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11701 – SANTANDER / PEMBERTON / EMERALD JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË